# Siopadóireacht Bhia

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - meáchan, meastachán<br>Uimhreas - oibríochtaí, codáin, deachúlacha, céatadáin<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ríomh, céatadán, meáchan, graim, cileagram, deachúlach, is troime, is éadroime, meáigh, meá, tuar, fiosraigh, meas, codán, iomlán, glanmheáchan, meáchan silte, ollmheáchan |
| **Áiseanna** | bia triomaithe, pacáistíocht, trealamh meáite, suíomhanna/ bileoga siopadóireachta, málaí siopadóireachta, ábhair le graif/ táblaí a chruthú |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo fiosraíonn daltaí meáchain agus comhthéacs siopadóireacht bhia in úsáid acu.

### 1 Gníomhaíocht 1

Tarraing aird na ndaltaí ar phacáistíocht bhia. Thig na smailceacha a itheann siad ag am sosa nó ag am lóin, bileoga bolscaireachta siopadóireachta, nó suíomhanna siopadóireachta ar líne a úsáid. Iarr orthu amharc ar na meáchain priontáilte ar na lipéid. Cad é mar atá siad scríofa? Cad é a chiallaíonn na giorrúcháin dhifriúla?

### 2 Gníomhaíocht 2

Tugann na daltaí cineálacha éagsúla de bhia triomaithe isteach is féidir a mheá go furasta. Meá ranga agus trealamh meáite eile in úsáid acu, folmhaíonn daltaí a bhfuil sa phacáistíocht bhia, agus meánn siad lena fháil amach an bhfuil an meáchan ceart ag teacht leis na méideanna scríofa ar na lipéid. Iarr orthu na difríochtaí idir na hearraí agus brandaí difriúla a chur i gcomparáid, agus an dóigh a bhfuil an meáchan iomlán difriúil leis an mheáchan cheart. Pléigh na téarmaí glanmheáchan, meáchan triomaithe agus ollmheáchan.

### 3 Gníomhaíocht 3

Fiosraíonn daltaí lipéid dhifriúla bia agus a gcuid meáchan agus iad ag cur faisnéise beathaithe i gcomparáid maidir le hearraí. Mar shampla, thiocfadh leo luachanna difriúla cothaitheacha de bhrandaí difriúla gránaigh a fhiosrú, meáchain de shiúcra, salann, snáithín agus sail srl. a chur i gcomparáid, mar chéatadán nó codán den mheáchan iomlán.

### 4 Gníomhaíocht 4

Déanann daltaí turgnamh a phleanáil agus a chur i gcrích lena fháil amach na meáchain atá cineálacha difriúla málaí siopadóireachta ábalta a sheasamh. Mar shampla, mála páipéir, mála plaisteach agus mála plaisteach in-athúsáidte. Tuarann siad cé acu mála is troime agus tugann siad meastachán ar an mheáchan a bheidh an mála ábalta a sheasamh. Thig leo na cineálacha céanna málaí ó shiopaí éagsúla a chur i gcomparáid. Spreag iad lena chinntiú go bhfuil an scrúdú cothrom agus lena dtorthaí a thaifeadadh agus a chur i láthair.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén mála a bheidh ábalta an meáchan is mó a sheasamh, do thuairim? Cén fáth?<br>• Cad é a rinne tú lena chinntiú go bhfuil do thástáil cothrom?<br>• Cad chuige ar shocraigh tú do thorthaí a chur i láthair mar seo?<br>• Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le hollmheáchan amháin priontáilte ar phacáistíocht?<br>• Agus tú i mbun siopadóireachta, an dtig leat smaoineamh ar bhealaí eile chun glanmheáchan uasta a chinntiú agus tú ag ceannach rudaí? | • Cad é meáchan an bhia i bpacáiste X?<br>• Cén branda de _____ a bhfuil an meáchan is troime ann?<br>• Cad é an difear idir glanmheáchan agus ollmheáchan?<br>• Cén mála siopadóireachta a bhí ábalta an méachan is mó a sheasamh?<br>• Cén codán/céatadán den mheáchan iomlán é salann/siúcra/saille/snáithín srl.? |

## Difreáil

Socraigh meáchan/líon na n-earraí le meá de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.